AGUISÍN UIMHIR 9

Airgeadas A/1 (2005)

13 Meitheamh 2006

CHUIG: AN MÉARA & GACH COMHALTA DE CHOMHAIRLE CHONTAE DHÚN NA NGALL

Tag: Údarú ón Chomhairle le dhul thairis an Bhuiséid don Bhliain Airgeadais Áitiúil dar chríoch 31 Nollaig 2005

Tá iallach ar na hÚdaráis Áitiúla, de réir Alt 104, Cuid 12 den Acht um Rialtais Áitiúil 2001, go n-iarrann siad údarú ón Chomhairle Tofa le dhul thairis an Bhuiséid ach amháin i gcásanna áirithe sainiúla cosúil le héigeandáil nó i gcás go bhfuil maoiniú breise sainiúil curtha ar fáil mar dheontais breise. Sa tuarascáil seo, leagtar amach i dTábla 1 ioncam agus caiteachas na bliana airgeadais áitiúil dar chríoch 31 Nollaig 2005. Taispeántar barrachas de €813,837 don Bhliain Airgeadais Áitiúil. Ciallaíonn sé sin go bhfuil easnamh carnaithe ioncaim de €12,256,091 ag deireadh na bliana 2005, i gcomparáid le heasnamh de €13, 069,928 ag deireadh na bliana 2004. Tá na cúiseanna leis an bharrachas glan don bhliain 2005 leagtha amach ar leith faoi gach ceannteideal Clárghrúpa sna sceidil atá ag dul leis an tuarascáil seo – féach aguisín. Téann an tOllchaiteachas sna Clárghrúpaí 2, 3 agus 7 thairis an Bhuiséid Athleasaithe – féach Tábla 2 - agus tá mé leis seo ag lorg údarú na Comhairle maidir leis an róchaiteachas seo, mar atá riachtanach faoi fhorálacha dlíthiúla an Acht um Rialtais Áitiúil 2001. Ba cheart do na Comhaltaí a thabhairt faoi deara gur ionshú muid, agus muid ag teacht ar an toradh don bhliain 2005, an caiteachas glan de tuairim is €2,600,000 i leith an Tagarmharcáil Chomhtheormhar agus socruithe eile pá – cuid acu iardhátaithe go dtí an bhliain 2001 – don fhoireann ar phá faoi láthair agus iad siúd a bhí ar phá agus atá anois ar phinsin.

Tá súil againn go mbeidh an Dréachtráiteas Airgeadais Bliantúil Neamhiniúchta don bhliain 2005 réidh in am mhaith roimh an ghnáth chruinniú den Chomhairle i mí Iúil agus chruinniú an Ghrúpa Polasaí Corparáideach ar an lá céanna leis an chruinniú Comhairle.

Faisnéis Ioncaim agus Caiteachais don Bhliain Airgeadais 2005
(Gach Clárghrúpa)

Faisnéis Caiteachais don Bhliain Airgeadais 2005 (Gach Clárghrúpa)

Tá mé mar sin ag cur i láthair go sonrach tuarascáil ar Ollchaiteachas na bliana 2005, agus tá mé ag lorg aontú na gComhaltaí mar atá riachtanach faoi fhorálacha an Acht um Rialtais Áitiúil 2001. Mar sin féin, tá mé ag mionsonrú faisnéise maidir leis an toradh Ioncaim chun go mbeidh léargas iomlán ag na Comhaltaí.

Leagann Tábla 1 amach an tOllchaiteachas agus Ollioncam de réir Clárghrúpa agus línte eile, chomh maith leis na athraitheasanna don bhliain airgeadais 2005.

Tábla 1

Clárghrúpa	Ollchaiteachas	Ollioncam	Athraithseas Glan
	€	€	€
Tithíocht & Tógáil	€15,558,872	€10,266,739	(€5,292,133)
Bóithre, Iompar & Sábháilteacht	€52,857,708	€40,731,656	(€12,126,052)
Uisce & Séarachas	€18,271,032	€5,953,246	(€12,317,785)
Pleanáil	€6,644,873	€3,723,421	(€2,921,452)
Cosaint na Timpeallachta	€11,091,883	€6,104,062	(€4,987,821)
Caitheamh Aimsire & Conláistí	€7,253,039	€1,856,417	(€5,396,622)
Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Leas	€12,266,040	€10,169,071	(€2,096,969)
Ilghnéitheach	€20,510,875	€11,947,649	(€8,563,226)
			€0
Soláthar d'Iarmhéid Dochair	€0		€0
			€0
Ciste Rialtais Áitiúil		**€35,759,089**	€35,759,089
Muirear Contae		**€2,273,788**	€2,273,788
Rátaí		**€16,483,020**	€16,483,020
Iomlán	**€144,454,321**	**€145,268,159**	**€813,837**

Tábla 2

Taispeánann Tábla 2 an t-eischuir – farasbarr nó (easnamh) – don Chaiteachas & Ioncam in aghaidh an Bhuiséad Leasaithe de réir Clárghrúpa & línte Maoiniúcháin do Chuspóirí Ginearálta.

Table 2

Clárghrúpa	Caiteachas 2005 (Os cionn)/Faoin Bhuiséad Leasaithe	Ioncam 2005 (Os cionn)/Faoin Bhuiséad Leasaithe	2005 Glanstaid
	€	€	€
Tithíocht & Tógáil	€384,724	(€100,953)	€283,771
Bóithre, Iompar & Sábháilteacht	(€1,374,936)	€212,372	(€1,162,564)
Uisce & Séarachas	(€1,127,836)	(€675,446)	(€1,803,281)
Pleanáil	€453,079	(€54,183)	€398,896
Cosaint na Timpeallachta	€1,366,345	(€237,694)	€1,128,651
Caitheamh Aimsire & Conláistí	€473,763	(€248,587)	€225,176
Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Leas	(€6,204)	(€10,201)	(€16,405)
Ilghnéitheach	€2,287	€758,275	€760,562
Soláthar d'Iarmhéid Dochair	€800,000	€0	€800,000
Ciste Rialtais Áitiúil		**€0**	€0
Muirear Contae		**€611**	€611
Rátaí		**€198,420**	€198,420
Iomlán	**€971,223**	**(€157,385)**	**€813,837**

Is é iomlán an Bhuiséid Athleasaithe an Buiséad Glactha de €136,542,900 móide deontaisí breise curtha in iúl chomh maith le méideanna eile caite de €8,882,644 atá inaisíoctha go hiomlán, ag tabhairt Buiséad Athleasaithe iomlán de €145,425,544. Tá sé seo léirithe mar a bhí sa bhuiséad ar dtús móide nó lúide coigeartaithe i ngach Clárghrúpa leis na figiúirí atá le feiceáil i dTábla 2 a fháil. Tá na coigeartaithe sin mionsonraithe fá choinne gach Clárghrúpa san Aguisín atá ag dul leis an tuarascáil seo, maraon leis an dóigh ar oibríodh amach na figiúirí thuas do Chaiteachas agus Ioncam gach Clárghrúpa.

Tá aontú na gComhaltaí Comhairle a lorg sna cásanna ina bhfuil caiteachas níos mó na mar a bhí sa Bhuiséad Athleasaithe (Buiséad Glactha mar a bhí leasaithe le breis maoinithe a cuireadh in iúl don bhliain 2005) do gach Clárghrúpa, faoi réir Fo-rannóg 7 d'Alt 104 den Acht um Rialtais Áitiúil 2001.

Mar atá le feiceáil i dTábla 2, seo mar atá :

	€
Bóithre, Iompar agus Sábháilteacht	(1,374,936)
Seirbhísí Uisce agus Séarachais	(1,127,836)
Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte agus Leas	(6,204)

Mínithe

Tá siad seo istigh le breis mionsonraithe fá choinne gach Clárghrúpa sna sceidil san Aguisín. Féach níos faide siar.

Clárghrúpa 2 – Bóithre agus Iompar

Rinneadh Róchaiteachas glan de tuairim is €1,375,000 sna ranna a leanas:

Cothabháil agus Feabhsú Bóithre	(€1,179,000)
Riarachán Ginearálta lena n-airítear Pinsin agus Eile	(€259,000)
Fo-chaiteachas: Staidéir Iompair	 €63,000
Róchaiteachas Glan	**(€1,375,000)**

Bhí Róchaiteachas de €1,179,000 ar Chothabháil agus Feabhsú Bóithre. Ní raibh aon sholáthar buiséid do Tagarmharcáil Chomthreormhar a chosain €1,138,000 sa bhliain 2005 d'fhoireann ar phá, mar ceapadh go mbeadh an costas sin maoinithe as allúntas deontais. Tá comhráití ar siúl i gcónaí leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus le hÚdaras na mBóithre Náisiúnta le cuid den chostas sin a fháil ar ais sa bhliain 2006. Bunaithe ar chomhráití leis an Roinn go dtí seo, is féidir €372,758 a charnadh mar ioncam i gCuntaisí na bliana 2005, agus tá sé sin déanta .

San áireamh sna torthaí Caiteachais don Chlárghrúpa seo don bhliain 2005, tá suim de €317,000 i leith Tagarmharcáil Chomthreormhar d'fhoireann ar phinsin.

Clárghrúpa 3 - Seirbhísí Uisce agus Séarachais

Bhí Róchaiteachas glan de tuairim is € 1,128,000 sna ranna a leanas:

Cothabháil Scéimeanna Soláthair Uisce/ Cothabháil Scéimeanna Fuíolluisce agus Leithris Phoiblí	(€1,031,000)
Riarachán ginearálta agus Costaisí Ilghnéitheacha-eagsúil	(€97,000)
IOMLÁN	**(€1,128,000)**

Bhí costas de €896,600 le Tagarmharcáil Chomthreormhar agus socruithe eile pá iardhátaithe go 2001 i leith Pá agus Foireann ar Phinsin, i gcomparáid soláthar buiséid de €407,500 agus tá sé seo san áireamh sna figiúirí caiteachais don bhliain 2005.

Clárghrúpa 7 - Talmhaíocht, Oideachas , Sláinte agus Leas

Bhí Róchaiteachas glan de tuairim is €6000 sna ranna a leanas:

Cothabháil Céanna agus Poirt	(€8,700)
Deontais Ardoideachais (Páirt Contra)	(€9,000)
Fochaiteachas: Riarachán agus Ilghnéitheach - éagsúil	€11,700
Róchaiteachas glan	**(€6,000)**

Cinniúint de dhíth:
Tá údarú na Comhairle a lorg leis seo chun a dhul thairis an Bhuiséid Athleasaithe don bhliain 2005, mar atá leagtha amach i dTábla 2 le cloí leis na forálacha dlíthiúla den Acht um Rialtais Áitiúil 2001.

A. MacNiocláis
Ceannasaí Airgeadais

AGUISÍN ag dul le hAGUISÍN 9

SCEIDEAL 1

Clárghrúpa 1 - Tithíocht agus Tógáil

Ó glacadh leis an Bhuiséad, d'aithin an Chomhairle athruithe maoiniúcháin a cuireadh in iúl faoi na teidil seo leanas:

(i)	**Allúntas ó SÍOCHÁN II**	**(€252,600)**
(ii)	**RAS**	**(€178,000)**
(iii)	**Soláthar do phríomheilimint na dTáillí Iasachtaí Morgáiste aistrithe go Clárghrúpa 8**	**(€679,000)**
(iv)	**Táillí Iasachtaí Tithíochta Deonach**	**(€126,700)**
(v)	**Costaisí lucht iarrtha tearmainn**	**(€114,600)**
(vi)	**Bainistiú agus cothabháil Fordhdeontais Cíosa**	**€54,800)**
(vii)	**Árachas/Daoine gan teach/Deontais spesialta-glan**	**€87,500**
	Iomlán:	**(€1,318,200)**

Caiteachas

Buiséad Athleasaithe	€15,943,596
Caiteachas Athleasaithe	€15,558,872
Fochaiteachas	**€384,724**

Bhí Fochaiteachas glan de tuairim is € 385,000 sna ranna a leanas:

Cóiríocht do Dhaoine gan Dídean (contra)	€21,000
Soláthar do Dhrochfhiacha/Fiacha Amhrasacha – Cíosanna	€184,000
Riaracháin Ginearálta & Ilghnéitheach - éagsúil	€180,000
IOMLÁN	**€385,000**

Bhí costas de €115,200 le Tagarmharcáil Chomthreormhar d'fhoireann ar phá agus ar phinsin, i gcomparáid le soláthar buiséid de €74,000.

Ioncam

Buiséad Athleasaithe	€10,367,692
Ioncam Athleasaithe	€10,266,739
Fo-fhíorú Ioncaim	**(€100,953)**

Bhí Fo-fhíorú glan ioncaim de tuairim is €101,000 sna ranna a leanas

Aisíocaíocht Iasachtaí (Ús)	(€274,000)
Ilghnéitheach - éagsúil	(€17,000)
Ioncam breise Cíos Tithíochta/ Fordheontas Úinéireachta i bpáirt	€190,000
Iomlán glan	**(€101,000)**

Tá biseach glan de €283,771 ar staid iomlán an Chlárghrúpa seo maidir le caiteachas agus ioncam don bhliain 2005. Féach an colún deiridh i dTábla 2

SCEIDEAL 2

Clárghrúpa 2 - Bóithre, Iompar agus Sábháilteacht

Ó glacadh leis an Bhuiséad, d'aithin an Chomhairle athruithe maoiniúcháin a cuireadh in iúl faoi na teidil seo leanas:

(i)	**Fógraí Deontais Bóithre**	**€1,905,500**
(ii)	**Teidil éagsúla ioncaim lena n-áirítear táillí Páirceála Carranna, Oibreacha príobháideacha agus rl .**	**€122,660**
	Iomlán	**€2,028,160**

Caiteachas

Buiséad Athleasaithe	€51,482,772
Caiteachas Athleasaithe	€52,857,708
Róchaiteachas	**(€1,374,936)**

Bhí Róchaiteachas glan de €1,375,000 sna ranna a leanas:

Cothabháil agus Feabhsú Bóithre	(€1,179,000)
Riarachán Ginearálta lena n-áirítear Pinsin agus Eile	(€259,000)
Fochaiteachas: Staidéir Iompair	€63,000
Róchaiteachas glan	**(€1,375,000)**

Bhí Róchaiteachas de €1,179,000 ar Chothabháil agus Fheabhsú Bóithre. Ní raibh aon sholáthar buiséid do Tagarmharcáil Chomthreormhar a chosain €1,138,000 sa bhliain 2005 d'fhoireann ar phá, mar ceapadh go mbeadh an costas sin maoinithe as allúntas deontais. Tá comhráití ar siúl i gcónaí leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus le hÚdarás na mBóithre Náisiúnta le cuid den chostas sin a fháil ar ais sa bhliain 2006. Bunaithe ar chomhrátí leis an Roinn go dtí seo, is féidir €372,758 a charnadh mar ioncam i gCuntaisí na bliana 2005, agus tá sé sin déanta.

San áireamh sna torthaí Caiteachais don Chlárghrúpa seo don bhliain 2005, tá suim de €317,000 i leith Tagarmharcáil Chomthreormhar d'fhoireann ar phinsin

Ioncam

Buiséad Athleasaithe	€40,519,284
Ioncam Athleasaithe	€40,731,656
Ioncam breise	**€212,372**

Bhí Ioncam breise glan de tuairim is €212,000 sna ranna a leanas :

Teidil Deontas-Cuid acu *Contra*	€314,000
Táillí Páirceála Carranna	€12,000
Fo-fhíorú Ioncaim Teidil Ilghnéitheacha	 (€114,000)
Iomlán glan	**€212,000**

Rinneadh athbhreithniú mionsonraithe ar gach teideal ioncaim sa Chlárghrúpa seo, agus níor carnadh ach ioncam a thiocfaidh isteach sa bhliain 2006, lena n-áirítear an €372,758 atá luaite cheana i leith chostas an Tagarmharcail Chomthreormhar.

Tá dul chun deiridh glan de €1,162,564 ar staid iomlán an Chlarghrúpa seo don bhliain 2005. Féach an colún deiridh i dTábla 2.

SCEIDEAL 3

Clárghrúpa 3 - Seirbhísí Uisce agus Séarachais

Ó glacadh leis an Bhuiséad, d'aithin an Chomhairle athruithe maoiniúcháin a cuireadh in iúl faoi na teidil seo leanas:

(i)	**Aisíocaíochtaí méadaithe (Fluairídiú)**	**€31,600**
(ii)	**Aistriú ó Clárghrúpa eile**	**€13,000**
	Iomlán	**€44,600**

Caiteachas

Buiséad Athleasaithe	€17,143,196
Caiteachas Athleasaithe	€18,271,032
Róchaiteachas	**(€1,127,836)**

Bhí Róchaiteachas glan de tuairim is €1,128,000 sna ranna a leanas:

Cothabháil Scéimeanna Soláthair Uisce/Cothabháil Scéimeanna Fuíolluisce agus Leithris Poiblí	(€1,031,000)
Riarachán Ginearálta agus Costaisí Ilghnéitheacha - éagsúil	(€97,000)
IOMLÁN	**(€1,128,000)**

Bhí costas de €896,600 le Tagarmharcáil Chomhthreormhar agus socruithe eile pá iardhátaithe go 2001 d'fhoireann ar phá agus ar phinsin, i gcomparáid le soláthar Buiséid de €407,500, agus tá sé sin istigh le figiúirí an Chaiteachais don bhliain 2005.

Ioncam

Buiséad Athleasaithe	€6,628,692
Ioncam Athleasaithe	€5,953,246
Fo-fhíorú Ioncaim	**(€675,446)**

Bhí fo-fhíorú ioncaim de €675,000 faoi theideal na Seirbhísí Uisce.

Táillí Uisce	(€531,000)
Táillí Fuíolluisce	(€41,000)
Aistriú Feidhmeanna (Bun Cranncha)	(€212,000)
Ioncam breise Aisíoc Riaracháin Ghrúpscéimeanna Soláthair Uisce	€75,000
Ilghnéitheach lena n-áirítear Táillí Ceangail agus Fluairídiú	€34,000
Iomlán glan	**(€675,000)**

B'fhéidir gur bhain an fo-fhíorú ioncaim sna Táillí Uisce le laghdú ar thomhaltas uisce agus ar bheartais caomhnaithe. Bhí Ioncam Breise as Táillí Ceangail agus Fluairídiú, chomh maith le hAisíoc ar chostaisí Riaracháin Ghrúpscéimeanna Soláthair Uisce.

Agus muid ag athmheas na háirimh a bhí aontaithe leis na Comhairlí Baile ag tráth ullmhúcháin an Bhuiséid, maidir le hAistriú na bhFeidhmeanna Uisce ón 1 Eanáir 2004, thug muid faoi deara go raibh botún déanta sa dóigh ar dhéileáil muid le hairgead a bhailigh Comhairle Baile Bhun Cranncha ar son na Comhairle, agus a bhí chun tairbhe Chomhairle Baile Bhun Cranncha agus i gcoinne na Comhairle Contae mar a taispeántar thuas.

Tá dul chun deiridh glan de €1,803,281 ar staid iomlán an Chlárghrúpa seo maidir le Caiteachas agus Ioncam don bhliain 2005. Féach an colún deiridh i dTábla 2.

SCEIDEAL 4

Clárghrúpa 4 - Pleanáil agus Forbairt

Ó glacadh leis an Bhuiséad, d'aithin an Chomhairle athruithe maoiniúcháin a cuireadh in iúl faoi na teidil seo leanas:

(i.)	**Tograí Pobail agus Fiontair**	**(€410,600)**
(ii.)	**Deontas Caomhnaithe**	**€10,000**
(iii.)	**Aisíoc ó Bhord Fiontair Contae**	**€13,700**
(iv.)	**Aistriú ó Chlárghrúpa eile**	**€80,500**
	Iomlán:	**(€306,400)**

Caiteachas

Buiséad Athleasaithe	€7,097,952
Caiteachas Athleasaithe	€6,644,873
Fochaiteachas	**€453,079**

Bhí Fochaiteachas glan de tuairim is €453,000 sna ranna a leanas:

Costaisí Riaracháin – Rialú Pleanála (Costaisí Pá go mórmhór)	€211,000
Tograí Pobail agus Fiontair	€150,000
Riarachan Ginearálta agus Ilghnéitheach – éagsúil	€92,000
IOMLÁN	**€453,000**

Ioncam

Buiséad Athleasaithe	€3,777,604
Ioncam Athleasaithe	€3,723,421
Fo-fhíorú Ioncaim	**(€54,183)**

Bhí fo-fhíorú glan de tuairim is €54,000 sna ranna a leanas:

Gníomhaíochtaí Pobail agus Fiontair (Sábháil *Contra* de €150,000 sa Chaiteachas)	(€202,000)
Teidil Ilghnéitheacha	(€19,000)
Ioncam breise	
Táillí Pleanála	€112,000
Comhairlí Baile agus Eile- Aisíocaíochtaí	€55,000
Iomlán glan	**(€54,000)**

Tá biseach iomlán de €398,896 ar staid an Chlárghrúpa seo maidir le Caiteachas agus Ioncam don bhliain 2005, rud a thagann go mórmhór as sábháil i gcostaisí Riaracháin agus Ioncam Breise as Táillí Pleanála, mar a léirítear thuas. Féach an colún deiridh i dTábla 2.

SCEIDEAL 5

Clárghrúpa 5 - Cosaint an Chomhshaoil

Ó glacadh leis an Bhuiséad, d'aithin an Chomhairle athruithe maoiniúcháin a cuireadh in iúl faoi na teidil seo leanas:

Cosaint Sibhialta €38,000

Caiteachas

Buiséad Athleasaithe	€12,458,228
Caiteachas Athleasaithe	€11,091,883
Fochaiteachas	**€1,366,345**

Bhí fochaiteachas glan de tuairim is €1,366,000 sna ranna a leanas:

Cothabháil Láithreáin Líonta Talaimh agus Teidil eile Fuíolligh lena n-áirítear Stáisiún Aistrithe Charn Domhnach.	€119,000
Soláthar do dhroch fhiacha/ do fhiacha amhrasacha	€200,000
Rannóg 1.02 Feachtas Comhshaoil /Feasacht/Athchúrsáil	€522,000
Táillí Iasachtaí	€150,000
Fo-iomlán Bainistiú Fuíolligh	**€991,000**
Reiligí	€26,000
Staidéir tuile	€70,000
Seirbhís Dóiteáin – Costaisí Pá go mórmhór	€318,000
Róchaiteachas Sábháilteacht Uisce	(€27,000)
Smacht ar Thruailliú/ Riarachán	(€12,000)
IOMLÁN	**€1,366,000**

Tá €406,500 den sábháil faoin teideal Athchúrsáil mar thoradh ar an cinniúint an 25% Comh-mhaoiniú Comhairle do Láithreáin Áiseanna Cathartha a mhaoiniú le hiasachtaí in ionad as Ioncam. Tá an sábháil faoin teideal Seirbhísí Dóiteáin bainteach le gníomhaíocht. Mar thoradh ar an obair a rinneadh maidir le táillí Líonta Talaimh a bhailiú agus laghdú de bheagnach €1m i leibhéal na riaráistí i rith na bliana 2005, ní raibh gá leis an soláthar fá choinne Droch Fhiacha/Fiacha Amhrasacha.

Ioncam

Buiséad Athleasaithe	€6,341,756
Ioncam Athleasaithe	€6,104,062
Fo-fhíorú Ioncaim	**(€237,694)**

Bhí Fo-fhíorú glan ioncaim de tuairim is €238,000 sna ranna a leanas:

Táillí Líonta Talaimh/Tobhach- fritháirithe go hiomlán le sábháil sa chaiteachas	(€155,000)
Seirbhísí Dóiteáin – Táillí agus Teastais	(€112,000)
Ilghnéitheach	(€24,000)
Ioncam breise	
Deontaisí agus Eile	€33,000
Smacht ar Thruailliú	€20,000
Iomlán	**(€238,000)**

Tá an laghdú ioncaim ó Tháillí agus Tobhaigh Líonta Talaimh mar thoradh ar an tonnáiste fuíolligh ag dul isteach chuig na Láithreáin Líonta Talaimh a bheith níos ísle ná mar a bhí súil leis, mar atá ar eolas ag na Comhaltaí cheana féin. Tá an gannchion ioncaim de €155,000 curtha ar ceal i bpáirt ag sábháil de €119,000 sa chaiteachas.

Laghdú in iarratais ar Theastais faoi na Rialacháin Tógála is mó is cúis leis an gannchion ioncaim de €112,000 sna Seirbhísí Dóiteáin.

Tá biseach de tuairim is €1,128,651 ar staid iomlán an Chlárghrúpa seo maidir le Caiteachas agus Ioncam. Féach an colún deiridh i dTábla 2.

SCEIDEAL 6

Clárghrúpa 6 - Caitheamh Aimsire agus Conlaistí

Ó glacadh leis an Bhuiséad, d'aithin an Chomhairle athruithe maoiniúcháin a cuireadh in iúl faoi na teidil seo leanas:

(i.)	**Leabharlanna Scoile**	**€61,600**
(ii.)	**Deontas SÍOCHÁIN II**	**€55,800**
(iii.)	**Aisíoc Músaem**	**(€23,700)**
(iv.)	**Comhairle Ealaíona**	**(€68,200)**
(v.)	**Deontas Áit shúgartha**	**€50,000**
(vi.)	**Caiteachas clúdaithe i gCaipitil**	**(€263,000)**
(vii.)	**Clár Margaíochta Turasóireachta**	**€35,700**
(viii.)	**Tograí Pobail agus Fiontair**	**€43,100**
(ix.)	**Aistriú ó Chlárghrúpa eile**	**€21,350**
	Iomlán	**(€87,350)**

Caiteachas

Buiséad Athleasaithe	€7,726,802
Caiteachas Athleasaithe	€7,253,039
Fochaiteachas	**€473,763**

Bhí Fochaiteachas glan de tuairim is €474,000 sna ranna a leanas:

Seirbhís Leabharlann – Gach Teideal	€202,000
Na hEalaíona/Músaem/Cartlann	€120,000
Pleanáil agus Forbairt Eacnamaíoch – Riaracháin	€64,000
Trádáil ócáideach	€25,000
Aoisliúntas	€44,000
Nithe Ilghnéitheacha	€19,000
IOMLÁN	**€474,000**

Bhí an chuid is mó den sábháil sa Chlárghrúpa seo sa Seirbhís Leabharlann agus Ealaíona. Díríodh ar shábháil faoi theidil éagsúla Pá agus Neamh-Phá sa roinn seo le maolú ar thionchar gannchion ioncaim dá dtagraítear níos faide siar sa Sceideal seo.

Ioncam

Buiséad Athleasaithe	€2,105,004
Ioncam Athleasaithe	€1,856,417
Fo-fhíorú Ioncaim	**(€248,587)**

Bhí fo-fhíorú glan de tuairim is €249,000 sna ranna a leanas:

Seirbhís Leabharlann-Gach Teideal	(€37,000)
Na hEalaíona/Músaem/Cartlainn/Oidhreacht	(€88,000)
Tograí Pobail agus Fiontair	(€121,000)
Ilghnéitheach	(€3,000)
IOMLÁN	**(€249,000)**

Rinneadh tagairt níos luaithe don gannchion ioncaim faoi theideal Leabharlann/Ealaíona, agus iad maolaithe ag sábháil sa Chaiteachas. Bhí an laghdú sin i dtograí Pobail agus Fiontair mar gheall ar nach dtáinig maoiniú seachtrach a raibh súil leis, isteach ina iomlán sa bhliain 2005.

Tá biseach glan de €225,176 i staid iomlán an Chlárghrúpa seo maidir le Caiteachas agus Ioncam. Féach an colún deiridh i dTábla 2.

SCEIDEAL 7

Clárghrúpa 7 - Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Leas

Ó glacadh leis an Bhuiséad, d'aithin an Chomhairle athruithe maoiniúcháin a cuireadh in iúl faoi na teidil seo leanas:

(i.)	**Deontais Ardoideachais**	**€410,700**
(ii.)	**Pinsin Coiste Gairmoideachais**	**€476,700**
	IOMLÁN:	**€887,400**

Caiteachas

Buiséad Athleasaithe	€12,259,836
Caiteachas Athleasaithe	€12,266,040
Róchaiteachas	**(€6,204)**

Bhí Rochaiteachas glan de tuairim is €6,000 sna ranna a leanas:

Cothabháil Céanna agus Poirt	(€8,700)
Deontais Ardoideachais (Páirt *Contra*)	(€9,000)
Fochaiteachas: Riarachán agus Ilghnéitheach - éagsúil	€11,700
Róchaiteachas glan	**(€6,000)**

Ioncam

Buiséad Athleasaithe	€10,179,272
Ioncam Athleasaithe	€10,169,071
Fo-fhíorú Ioncaim	**(€10,201)**

Tá dul chun deiridh glan de €16,405 ar staid iomlán an Chlárghrúpa seo maidir le Caiteachas agus Ioncam don bhliain 2005. Féach an colún deiridh i dTábla 2.

SCEIDEAL 8

Clárghrúpa 8 - Ilghnéitheach

Ó glacadh leis an Bhuiséad, d'aithin an Chomhairle athruithe maoiniúcháin a cuireadh in iúl faoi na teidil seo leanas:

(i.)	**Clár 8.2 – Cuntas Innealra agus Ábhair (féach nóta thíos)**	**€7,065,000**
(ii.)	**Laghdú ar áisíoc Dochair Mailíseach**	**(€99,200)**
(iii.)	**Aisíoc REACH**	**€80,900**
(iv.)	**Aistriú ó Chlárghrúpaí eile**	**€539,250**
(v.)	**Coigeartaithe ar Chiste an Rialtais Áitiúil**	**€26,084**
	IOMLÁN:	**€7,612,034**

Nóta:

Cuntas Innealra agus Ábhair

Cuireadh Ollchaiteachas agus Ioncam an Chuntais Innealra agus Ábhair i láthair i mBuiséad 2005 mar shuim ghlan. Ag cur i láthair an staid iomlán don bhliain 2005, tá an Caiteachas agus Ioncam a phlé agam ar bhun ollshuim sa tuarascáil, rud atá ag teacht leis an dóigh a bhfuil se pléite i mBuiséad Glactha na bliana 2006. Ciallaíonn seo go bhfuil suim de €7,065,000 áirithe faoi na ceannteidil Caiteachas agus Ioncam sa Bhuiséad Athleasaithe

Caiteachas

Buiséad Athleasaithe	€20,513,162
Caiteachas Athleasaithe	€20,510,875
Fochaiteachas	**€2,287**

Bhí Fochaiteachas glan de tuairim is €2,000 sna ranna a leanas:

Rátaí díscríofa agus Aisíocaíochtaí	(€789,000)
Fochaiteachas	
Ús ar Rótharraingt	€168,000
Costaisí Riaracháin	€90,000
FO-IOMLÁN	**(€531,000)**
Toghcháin áitiúla	€11,000
Seirbhís Tréidlia	€50,000
Costaisí Comhaltaí	€13,000
Seirbhísí Áisínteachtaí- Feidhmeannas na Seirbhíse Sláinte	€350,000
Riarachán Ginearálta & Ilghnéitheach – Párolla l (lena n-áirítear Aoisliúntas), Fógraíocht agus rl.	€168,000
Róchaiteachas	
Costaisí Cróinéara	(€30,000)
Forbairt Eagraíochtúil/Oiliúint	(€29,000)
IOMLÁN	**€2,000**

Tá mórán míreanna Caiteachais i gClárghrúpa 8, agus tá 12 Clár ar leith ann.

As an liosta thuas, siad na príomh cheisteanna a thagann chun tosaigh ná go raibh Róchaiteachas de €531,000 faoin teideal Bainistiú Airgeadais, go mórmhór mar gheall ar Rátaí Neamh-infhaighte ar ais (€789,000). Léiríonn sé seo na deacrachtaí i gcónaí le rátaí a bhailiú, agus neamhéifeacht na bhforálacha éagsúla i mBuiséad na bliana 2005 maidir le Cuntais Neamh-infhaighte ar ais.

Sa bhliain 2004, bhain muid úsáid as Clárghrúpa 8 le bheith freagrach as roinnt soláthar dliteanais Caiteachais, a measadh ar bhonn críonna. I gcás Fheidhmeannais na Seirbhíse Poiblí, ní raibh na soláthairtí de dhíth go hiomlán, ag tabhairt sábháil de €350,000.

Ioncam

Buiséad Athleasaithe	€11,189,374
Ioncam Athleasaithe	€11,947,649
Ioncam breise	**€758,275**

Tá ioncam breise/ioncam laghdaithe a thaispeáint ag roinnt teidil ioncaim sa Chlarghrúpa seo, i gcomparáid leis an Bhuiséad Athleasaithe. Mar thoradh glan iomlán, tá Ioncam Breise de tuairim is €758,000 faoi theidil mar Seirbhís Tréidlia, REACH, Bainistiú Áiseanna, Seirbhísí Comhtháite, Smacht Tógála, Innealra agus Ábhair, Ús agus Áisíocaíochtaí eile.

Tá biseach glan de €760,562 i staid iomlán an Chlárghrúpa seo maidir le Caiteachas agus Ioncam don bhliain 2005. Féach an colún deiridh i dTábla 2.